2025/2517

19.12.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2517 ÓN gCOIMISIÚN

an 17 Nollaig 2025

maidir le Ballstáit bhreise den Aontas Eorpach a áireamh sa Chomhpháirtíocht maidir le Faireachas agus Rianú Spáis

(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2025)8684)

(is iad na téacsanna Bulgáirise, Fraincise, Liotuáinise agus Ollainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([1]),

Ag féachaint do Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1205 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2025 lena leagtar síos na rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an nós imeachta um Ballstáit bhreise a áireamh sa chomhpháirtíocht maidir le Faireachas agus Rianú Spáis ([2]), agus go háirithe Airteagal 4(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2021/696, is féidir le haon Bhallstát a bheith rannpháirteach sa chomhpháirtíocht maidir le Faireachas agus Rianú Spáis (SST) ar choinníoll go gcomhlíonann sé na critéir a leagtar amach san Airteagal sin.

(2) Leagtar amach na rialacha agus na nósanna imeachta maidir le rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST, maidir le bunú na comhpháirtíochta SST agus maidir le forbairt na n-eochairtháscairí feidhmíochta tosaigh i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245 ón gCoimisiún ([3]). Measadh gur chomhlíon 15 Bhallstát na critéir maidir le rannpháirtíocht a leagtar síos i Rialachán (AE) 2021/696, mar aon leis na coinníollacha aonair agus comhchoiteanna a leagtar síos in Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245. D'ainmnigh na Ballstáit sin eintitis náisiúnta bhunaithe a chomhdhéanann comhpháirtíocht SST, i dteannta a chéile.

(3) Léirigh Ballstáit eile gur spéis leo a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST. Dá bhrí sin, an 10 Deireadh Fómhair 2024, d'iarr an Coimisiún ar choiste an Chláir i gcumraíocht um Fheasacht Staide an Spáis (SSA) a spéis a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST a chur in iúl faoin 9 Nollaig 2024. Dhearbhaigh roinnt de na Ballstáit sin gur spéis leo a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST.

(4) Chun a áirithiú go mbeidh Ballstáit eile in ann a bheith rannpháirteach i gcomhpháirtíocht SST, ghlac an Coimisiún Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1205 lena leagtar amach an nós imeachta um Ballstáit bhreise a áireamh i gcomhpháirtíocht SST.

(5) Chuir ceithre Bhallstát iarratais isteach ar bhallraíocht i gcomhpháirtíocht SST, mar atá, an Bheilg, an Bhulgáir, an Liotuáin agus Lucsamburg. Rinne an Coimisiún measúnú ar na hiarratais sin de bhun Airteagal 4(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1205 agus mheas sé gur chomhlíon siad na critéir a leagtar amach in Airteagal 57(1), pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) 2021/696 mar a shonraítear sna coinníollacha aonair a leagtar amach i Roinn 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245. Léiríodh le comhpháirtíocht SST, mar chuid de staidéar ailtireachta, go dtugann na braiteoirí agus na cumais arna moladh ag na Ballstáit iarrthacha breisluach do chomhpháirtíocht SST.

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.
([2]) IO L, 2025/1205, 20.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/1205/oj.
([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1245 ón gCoimisiún an 15 Iúil 2022 lena leagtar síos rialacha agus nósanna imeachta maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rannpháirtíocht na mBallstát i bhfo-chomhpháirt SST, bunú na Comhpháirtíochta SST agus an fhorbairt ar na heochairtháscairí feidhmíochta tosaigh (IO L 190, 19.7.2022, lch. 166, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/1245/oj).

(6) I gcomhréir le hAirteagal 4(4) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1205, tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit iarrthacha, agus do na heintitis náisiúnta bhunaithe arna n-ainmniú ag na Ballstáit rannpháirteacha, maidir le toradh an mheasúnaithe comhlíontachta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis na hiarratais a chuir an Bheilg, an Bhulgáir, an Liotuáin agus Lucsamburg faoi bhráid an Choimisiúin ar bhallraíocht i gComhpháirtíocht SST, léirítear go gcomhlíontar na forálacha a leagtar amach in Airteagal 4(3) de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/1205.

Airteagal 2

Is chuig Ríocht na Beilge, Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Liotuáine agus Ard-Diúcacht Lucsamburg a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Nollaig 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Andrius KUBILIUS
Comhalta den Choimisiún